



**An Roinn Oideachais**  
Department of Education

# **Scéim Foghlama agus Tacaíochta Covid(CLASS)**

## Treoir do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta

Meán Fómhair 2021

## Réamhrá

Soláthraíonn an treoir seo ón Roinn Oideachais creat do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta chun tacaíochtaí breise a sholáthar do na daltaí ar a raibh an tionchar ba mhó ag an cur isteach ar oideachas ionscoile mar thoradh ar Covid. Ba chóir an treoir seo a léamh i dteannta le ciorclán na Roinne 0045/2021 Scéim Foghlama agus Tacaíochta Covid <https://www.gov.ie/ga/ciorclan/9afe4-covid-19-sceim-foghlama-agus-tacaiochta/> a thugann cuntas ar mhionsonraí CLASS (Scéim Foghlama agus Tacaíochta Covid) atá le seachadadh i scoileanna i rith na scoilbhliana 2021/2022.

Tá acmhainní breise teagaisc á gcur ar fáil do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta, mar leithdháileadh sealadach aonuaire, don scoilbhliain 2021/2022. Tá uaireanta breise teagaisc spriocdhírthe Covid á gcur ar fáil do gach scoil aitheanta, ónár féidir le scoileanna tacaíocht bhreise teagaisc a sholáthar do dhaltaí a bhfuil, dar leo, dúnadh scoileanna mar thoradh ar Covid tar éis dul i bhfeidhm go díreireach orthu ó thaobh foghlama agus a bhfolláine i gcoitinne agus a bhfuil an baol is mó go mbeidh siad faoi mhíbhuntáiste oideachasúil.

Is iad na torthaí inmhianaithe ná go ndéanfaidh scoileanna bearta a sholáthar le cur ar chumas daltaí a bheith gafa go hiomlán leis an bhfoghlaim sa scoilbhliain 2021/2022 trí thacaíocht bhreise a sholáthar dóibh maidir lena riachtanais foghlama agus folláine.

Tá an treoir seo á cur ar fáil do scoileanna chun mioneolas a sholáthar ar an tslí inar cheart na huaireanta breise teagaisc a úsáid, agus mionsonraí a sholáthar faoi na bearta rialaithe agus maoirseachta cuí atá riachtanach do scoileanna.

## Réasúnaíocht don chlár CLASS

Dúnadh scoileanna thar dhá thréimhse in 2020 agus 2021 agus cé gur tugadh tús áite d'athoscailt scoileanna agus do sholáthar oideachais speisialta a luaithe ab fhéidir, cuireadh as don fhoghlaim ionscoile thar dhá bhliain scoile.

Rinne scoileanna an-iarrachtaí ciantegasc agus cianfhoghlaim a sholáthar le linn thréimhsí dúnta na scoileanna. D'fhéadfadh, áfach, gur mhothaigh roinnt daltaí, go háirithe iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus iad siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais, tionchar an-suntasach dhúnadh na scoileanna. Is cosúil gur threisigh an easpa teagmhála leis na gnáthaimh scoile agus leis an rannpháirtíocht leis an teagasc agus an fhoghlaim an tionchar seo.

Sa scoilbhliain 2021/2022, tá spreagadh á thabhairt do scoileanna trí na hacmhainní breise atá á sholáthar faoin gclár CLASS, chun tacú leis na daltaí ar a raibh an tionchar ba mhó ag an gcur isteach sa dá scoilbhliain roimhe.

## Aidhmeanna CLASS:

Tá sé i gceist go gcuirfidh soláthar na dtacaíochtaí breise ar chumas scoileanna:

- Tacaíocht teagaisc spriocdhírthe bhreise a sholáthar do na daltaí is mó a bhí ag streachailt le linn thréimhsí dúnta na scoileanna, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais níos casta acu agus iad siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais
- Rochtain a sholáthar ar thacaíocht bhreise teagaisc do dhaltaí eile a bhfuil gá acu anois, mar thoradh ar thionchar Covid, le hidirghabháil ghearr spriocdhírthe chun dul i ngleic lena riachtanais
- A chinntiú go mbíonn dóthain tuisceana ag na daltaí ar fholláine choirp, mhothúcháinach agus shóisialta le bheith gafa leis an bhfoghlaim
- Tacú le gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim chun an tionchar diúltach ar fholláine daltaí a cheartú agus leanúint le mothú sábháilteachta, suaimhnis, éifeachtúlachta agus nascachta daltaí a chothú
- Na bearnaí san fhoghlaim, i scileanna, in ullmhacht don fhoghlaim nó i riachtanais foghlama tosaíochta daltaí a sainiú roimhe seo a aithint agus freagairt dóibh d'fhonn aon chúlú a d'fhéadfadh a bheith san fhoghlaim a mhaolú
- Deis a chruthú chun dea-ghnáthaimh a athbhunú agus a chothabháil a mhéid is féidir ionas gur féidir leis na daltaí go léir foghlaim go héifeachtach
- Na scileanna riachtanacha a thabhairt do dhaltaí ionas go mbíonn rath ar a bhfoghlaim i rith an lae scoile.

## Cé na daltaí ar chóir tacaíocht a thabhairt dóibh tríd an scéim CLASS?

Is iad na daltaí ar chóir tacaíocht a thabhairt dóibh tríd an scéim CLASS ná iad siúd is mó a ndeachaigh Covid i bhfeidhm orthu.

I scoilbhlianta roimhe seo, bhíodh roinnt daltaí aitheanta cheana féin ag scoileanna do thacaíochtaí breise agus tosaíocht tugtha dóibh chun dul i ngleic le riachtanais folláine agus foghlama breise tríd an *gContanam Tacaíochta*. Sa scoilbhliain seo, is féidir a bheith ag súil go bhféadfadh roinnt daltaí teacht chun cinn nár aithníodh roimhe seo go raibh tacaíocht bhreise de dhíth orthu mar thoradh ar thionchar dúntaí scoileanna bainteach le COVID ar a n-oideachas agus a bhfolláine.

Tá an tsolúbthacht ag scoileanna tús áite a thabhairt do dhaltaí d'fhonn páirt a ghlacadh i CLASS. Ba chóir tosaíocht a thabhairt do na daltaí sin a bhfuil fianaise shoiléir ann go raibh tionchar suntasach ag dúnadh na scoileanna bainteach le Covid ar a gcuid oideachais, folláine agus feidhmiú sa saol laethúil. Mar sin d'fhéadfadh raon feidhme CLASS leathnú níos faide ná daltaí a bhfuil RSO acu agus tá sé tábhachtach go

nglacann scoileanna am chun GACH dalta a bhfuil riachtanais ag teacht chun cinn dóibh mar thoradh ar COVID 19 a aithint B'fhéidir go mbeidh daltaí ann atá aitheanta cheana féin mar aon le daltaí nua-aitheanta le riachtanais atá ag teacht chun cinn dóibh mar thoradh ar thionchar COVID.

### Conas is féidir le scoileanna riachtanais daltaí a aithint?

Tá roinnt córas agus próiseas éifeachtach i bhfeidhm ag scoileanna chun daltaí a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu a aithint, ag céimeanna éagsúla le linn a dtréimhse scolaíochta. I scoileanna príomhshrutha, ba cheart don phríomhoide, múinteoirí ranga, lena n-áirítear gach múinteoir ranga speisialta, agus múinteoirí oideachais speisialta oibriú i gcomhar le chéile chun tosaíocht a thabhairt do dhaltaí do CLASS. I scoileanna speisialta, ba cheart don fhoireann ceannaireachta ionscoile tabhairt faoin bpróiseas seo i gcomhairle leis an bhfoireann teagaisc agus baill foirne cuí eile. Tá sé tábhachtach go gcomhoibredh scoileanna leis na daltaí ábhartha agus lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí lena chinntiú go n-aithnítear agus go dtugtar tosaíocht do na daltaí is oiriúnaí.

Tá an creat um *Leanúntas Tacaíochta* agus an próiseas mar a bhaineann le *Comhad Tacaíochta an Dalta* in úsáid cheana féin i scoileanna chun cabhrú le riachtanais daltaí a aithint agus mar shamhail réiteach fadhbanna don mheasúnú agus don idirghabháil a chuireann ar chumas scoileanna sonraí a bhailiú agus a anailísiú mar aon le dul chun cinn daltaí aonair a phleanáil agus a athbhreithniú, de réir na d*Treoirlínte do Bhunscoileanna Ag Tacú le Daltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais i Ranganna Príomhshrutha atá ar fáil anseo* <https://www.education.ie/en/The-Education-System/Special-Education/Guidelines-for-Primary-Schools-Supporting-Pupils-with-Special-Educational-Needs-in-Mainstream-Schools.pdf>

## Ról na múinteoirí atá páirteach i CLASS

De réir an Chiorcláin, déanfaidh scoileanna na huairteanna breise teagaisc CLASS atá acu a leithdháileadh ar mhúinteoirí ar bhonn páirtaimseartha. Ba chóir do scoileanna tosaíocht a thabhairt do dhaltaí do CLASS ar dtús sula ndéanann siad cinneadh ar an mbealach is éifeachtaí le tacaíochtaí teagaisc a úsáid. Toisc gur féidir na huairteanna breise teagaisc ag am ar bith le linn na scoilbhliana 2021/2022, féadfaidh scoileanna cinneadh a dhéanamh an clár a sheachadadh ar bhonn seachtainiúil nó mar mhalairt air sin i ndianbhloc ama.

Tá sé beartaithe CLASS a sheachadadh i rith an ghnáthlae scoile, ach b'fhéidir go n-oirfeadh sé roinnt gníomhaíochtaí sóisialta a sceidealú i rith am lóin. Ba chóir go mbeadh riachtanais na ndaltaí lárnach agus cinneadh á dhéanamh faoi imlonnú agus ba cheart go nglacfadh scoileanna dóthain ama chun an cinneadh seo a dhéanamh. Ba chóir múinteoirí atá fostaithe don chlár CLASS a chur ar an eolas go hiomlán faoi riachtanais gach dalta agus ba chóir roinnt ama a ghlacadh chun an múinteoir a chur in aithne don dalta. I gcásanna áirithe, ag brath ar chineál agus méid na dtacaí a bhíonnda

dhíth ar dhalta(i) a bheidh ag baint leas as soláthar CLASS, b'fhéidir gur chóir breathnú maidir le múinteoir a bhfuil taithí chuí aige/aici cheana féin sa scoil agus a bhfuil cur amach ag dalta(i) air/uirthi cheana féin. Sa chás seo líonfadh an múinteoir a earcaíodh faoi CLASS an ról teagaisc go sealadach.

Nuair a bhíonn cinneadh déanta faoin imlonnú, is é ról an mhúinteora leithdháilte clár a chur i bhfeidhm atá de réir na spriocanna atá leagtha amach ag an scoil do gach dalta. Meastar go dtabharfadh clár dá leithéid aghaidh ar réimsí riachtanas aitheanta, go gcuideodh siad le daltaí ath-theagmháil a dhéanamh leis an scoil, tacú le folláine agus teacht aniar agus forbairt shóisialta a chothú. Nuair a bheidh an idirghabháil CLASS críochnaithe, ba cheart don mhúinteoir leithdháilte, i gcomhairle le múinteoirí ábhartha, tuismitheoirí/caomhnóirí agus an dalta, an Comhad Tacaíochta Daltaí a nuashonrú.

## Conas is féidir le scoileanna leas a bhaint as na hacmhainní breise teagaisc faoi CLASS?

### Acmhainní teagaisc CLASS a eagrú agus a leithdháileadh

Beidh roinnt ama ag teastáil ó dhaltaí chun socrú ar ais ar scoil i mí Mheán Fómhair. Beidh am ag teastáil ó mhúinteoirí freisin chun a ndaltaí a mheas agus idirghabhálacha a phleanáil a d'fhéadfadh a bheith riachtanach. Ar na cúiseanna sin, beidh na huairteanna breise a sholáthraíonn an clár CLASS, ar fáil do scoileanna ón 11 Deireadh Fómhair 2021.

Ba chóir do scoileanna crostagairt a dhéanamh i gcomhpháirt maidir le riachtanais na ndaltaí agus machnamh a dhéanamh ar riachtanais choitianta ar féidir freastal orthu trí ghrúpáil, chun cineálacha cur chuige éifeachtacha teagaisc agus foghlama a chinntiú. I gcomhairle leis an múinteoir/na múinteoirí atá fostaithe don chlár CLASS ba chóir comhaontú conas a thacóidh siad le riachtanais tosaíochta na ngrúpaí/ na ndaltaí aonair seo agus cathain agus cén áit a mbeidh an teagasc ag tarlú. Ba chóir do scoileanna a chinntiú nach dtarlaíonn, trí thimpiste, go gcailleann daltaí a bhaineann leas as tacaíochtaí CLASS, gnéithe luachmhara eile d'fhoghlaim an tseomra ranga má dhéantar iad a aistarraingt.

### Spriocanna a leagan síos

Bunaithe ar riachtanais tosaíochta aonair, ba chóir do mhúinteoirí spriocanna foghlama soiléire a leagan síos do gach dalta le linn tréimhse CLASS. De réir aidhmeanna CLASS, tá sé riachtanach go mbeadh baint ag daltaí, a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus foireann ábhartha na scoile leis an bpróiseas pleanála, agus le príomhchuspóirí foghlama agus modhanna teagaisc a aithint. Ba cheart an plean seo a chur ar bhonn foirmiúil laistigh den *Phlean Tacaíochta Dalta* mar chuid de *Chomhad Tacaíochta an Dalta* an dalta sin chun díriú ar na riachtanais aitheanta tosaíochta.

### Modhanna agus cuir chuige teagaisc a phleanáil

Ba chóir do mhúinteoirí leibhéal agus cineál na hidirghabhála CLASS atá de dhíth chun spriocanna a bhaint amach do gach dalta a shainaithint. Ba chóir do scoileanna machnamh ar na modheolaíochtaí is fearr a oireann chun ionchuimsiú bríoch a chur chun cinn ar nós difreáil, grúpáil ilchineálach, teagasc foirne agus teagasc i ngrúpaí beaga. I gcásanna áirithe d'fhéadfadh gurb é tacaíocht duine le duine an cur chuige is fearr. Ba chóir do mhúinteoirí a chinntiú freisin go mbíonn na hidirghabhálacha agus na tacaíochtaí a bhíonn á úsáid acu fianaisebhunaithe.

### Monatóireacht, taifeadadh agus athbhreithniú ar dhul chun cinn

Is é príomhfhócas na monatóireachta, an taifeadta agus an athbhreithnithe rialta ar dhul chun cinn ná go ndéanfaidh scoileanna measúnú don fhoghlaim agus straitéisí, gníomhaíochtaí agus an timpeallacht a oiriúnú de réir mar is gá le cur ar chumas daltaí a bpríomhspríocanna a bhaint amach. Ba chóir do scoileanna córas rianaithe agus taifeadta a bhunú, lena chinntiú go ndéantar monatóireacht ar dhul chun cinn na ndaltaí uile atá rannpháirteach i CLASS i gcoinne na spriocanna comhaontaithe. Ba cheart é seo a dhoiciméadú i bPlean Tacaíochta an Dalta.

## Ábhar an Chláir

Tá solúbthacht ag scoileanna na hidirghabhálacha CLASS is oiriúnaí, dar leo, do riachtanais foghlama tosaíochta na ndaltaí rannpháirteacha a dheardh agus a chur i bhfeidhm. Ba chóir do mhúinteoirí cur chuige solúbtha agus daltaláraithe a ghlacadh nuair a bhíonn tacaíochtaí CLASS á bpleanáil do dhaltaí. Tá sé ríthábhachtach go dtógann pleanáil CLASS ar láidreachtaí, réimsí spéise agus riachtanais tosaíochta gach dalta trí ghuth an dalta a chumasú, agus trí chomhoibriú le tuismitheoirí, agus le baill foirne ábhartha na scoile. Ba chóir deiseanna a thabhairt do dhaltaí a bheith gafa le raon gníomhaíochtaí taitneamhacha chun díriú ar na riachtanais tosaíochta foghlama agus folláine mar atá leagtha amach i bplean tacaíochta an dalta.

Tá cuntas thíos ar threoir bhreise maidir leis an tslí inar féidir am breise teagaisc a sholáthar faoi CLASS chun dul i ngleic le tionchar na paidéime ar fholláine daoine óga.

### Folláine a chothú agus a thacú

Bíonn an fholláine mar réamhriachtanas don, agus mar thoradh ar fhoghlaim rathúil. Dá bhrí sin, féadfar na huairéanta breise teagaisc a úsáid freisin chun tacú le gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim agus chun dul i ngleic le haon tionchair dhiúltacha ar fholláine foghlaimeoirí. Is féidir leanúint le folláine daltaí a thacú

trí theacht aniar a chothú ag baint úsáid as na cúig phríomhphrionsabal<sup>1</sup> chéanna a bhí in úsáid chun teacht aniar a chothú i bpobail scoile le linn na paindéime .

- **Mothú sábháilteachta** a chothú – ionas go mothaíonn daltaí go bhfuil siad sábháilte, go fisiciúil agus go síceolaíoch, agus go bhfuil na daoine atá timpeall orthu sábháilte
- **Mothú suaimhnis** a chothú – ionas go mothaíonn daltaí ar a suaimhneas, socair agus stuama (rialtaithe)
- **Mothú muintearais agus nascachta** a chothú – ionas go mbíonn daltaí i dteagmháil athuair lena gcairde agus a gcomhscoláirí, agus leo siúd i bpobal na scoile a thuigeann iad agus a thacaíonn leo
- **Mothú féin-éifeachtúlachta agus éifeachtúlacht pobail** a chothú – ionas go gcreideann daltaí gur féidir leo rudaí a láimhseáil agus an méid is gá a dhéanamh go haonair agus mar phobal scoile
- **Mothú dóchais** a chothú – ionas go gcreideann daltaí go mbeidh gach rud ina cheart.

D'fhéadfadh cuir chuige mar seo a leanas cabhrú le daltaí a leanann ag streachailt le dul i dteagmháil arís leis an bhfoghlaim tar éis na tréimhse socraíochta tosaigh:

- Cuir chuige bunaithe ar láidreachtaí a ghlacadh - láidreachtaí, réimsí spéise agus cumais an dalta a úsáid chun teacht aniar a fhorbairt agus mothú muintearais a chothú
- Cuidiú le daltaí déileáil le hábhair inní trí straitéisí a theagasc agus a chleachtadh ar nós domhain análú, teicnící scíthe, féinchaint dhearfach, réiteach fadhbanna trí thascanna a bhriseadh síos i gcéimeanna beaga níos soláimhsithe, eolas a sholáthar ar bhealach inrochtana, agus scéalaíocht mar aon le teicnící eile a úsáid chun ábhair inní a láimhseáil, réitigh a chruthú agus teacht aniar a fhorbairt
- Naisc shóisialta agus cairdis a chothú
- Cuir chuige agus freagraí uilíocha a dhifreáil ag baint úsáid as scéalta sóisialta, sceidil, cuir chuige amhairc srl. Scileanna teagaisc chun tacú le hoiriúnú do ghnáthaimh nua agus iad ar scoil, lena n-áirítear teagasc follasach agus tacaíocht maidir le riachtanais sláinteachais ag úsáid íomhánna, físeáin agus athrá chun príomhtheachtaireachtaí a threisiú

---

<sup>1</sup> Tá an creat a d'fhorbair Hobfoll et al. (2007) chun tacú le teacht aniar agus fillleadh ar gnáthnósanna le linn agus i ndiaidh imeachtaí trámacha mar bhonn leis an treoir seo

- Cláir spriocdhírthe a úsáid chun inniúlacht shóisialta agus mhothúcháinach a fhorbairt
- Comhoibriú leanúnach a chinntiú idir tuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí.

Tá moltaí breise ar fáil in Pacáiste Uirlisí Folláine SNSO –

<https://www.gov.ie/ga/foilsiuhan/acmhainni-follaine-sns0-i-rith-covid-19/>

## Príomhtheachtaireachtaí

- Ba chóir na hacmhainní breise atá ar fáil do scoileanna faoin gclár tacaíochta CLASS a úsáid do na daltaí sin a bhfuil tosaíocht tugtha ag scoileanna dóibh toisc go raibh an tionchar is mó ag COVID orthu, lena n-áirítear iad siúd nár thug an scoil iad faoi deara roimhe seo mar dhaltaí a raibh gá acu le tacaíochtaí breise
- Ba chóir na daltaí a dtugtar tosaíocht tacaíochta dóibh faoin gclár CLASS a aithint trí phróiseas comhoibritheach láidir scoile uile, ar bhealach fianaisebhunaithe ag baint úsáid as na sonraí atá ar fáil sa scoil
- Ba chóir na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do dhaltaí atá ann cheana agus a bhfuil tosaíocht as an nua acu a oiriúnú chun freastal ar riachtanais na ndaltaí sin ar bhealach ionchuimsitheach
- Ba chóir do scoileanna a chinntiú go ndéantar dul chun cinn daltaí a fhaigheann tacaíocht ó idirghabhálacha agus acmhainní CLASS a thomhas agus a thuairisciú.

## Conclúid

Aithníonn an clár CLASS go bhfuil scoileanna san airdeall faoi thionchar na paindéime ar an oideachas, go háirithe i gcás roinnt foghlaimeoirí a bhfuil RSO acu nó iad siúd ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Tugann an clár an tsolúbthacht do scoileanna saintacaíochtaí breise oideachais a chur i bhfeidhm do na foghlaimeoirí seo le linn na bliana acadúla reatha. Is iad riachtanais aitheanta na ndaltaí ábhartha a chinnfidh nádúr na dtacaí scoilbhunaithe seo. Ba chóir do scoileanna a chinntiú go ndírítear tacaíochtaí CLASS ar na foghlaimeoirí ar a raibh an tionchar ba mhó ag dúntaí scoileanna mar thoradh ar COVID agus go rachaidh ábhar agus cuir chuige na gclár i ngleic go soiléir leis na riachtanais agus na spriocanna aitheanta seo. Caithfidh múinteoirí a earcófar chun an clár CLASS á sholáthar a bheith ar an eolas go hiomlán faoi riachtanais na ndaltaí agus a bheith gafa leis an bpróiseas maidir le spriocanna a shocrú. Beidh monatóireacht inmheánach na scoile ar dhul chun cinn mar ghné riachtanach den chlár CLASS. Nuair a bhíonn an idirghabháil CLASS críochnaithe, ba chóir don mhúinteoir a leithdháileadh, i gcomhairle leis na múinteoirí eile, na tuismitheoirí/caomhnóirí agus an dalta, an *Comhad Tacaíochta Dalta* a nuashonrú.



Ba chóir ceisteanna a bhaineann le cuir chuige éifeachtacha teagaisc, foghlama agus measúnaithe mar atá sa treoir seo a chur chuig: [classqueries@education.gov.ie](mailto:classqueries@education.gov.ie)